GA

# An Beartas um Éagsúlacht agus Cuimsiú 2021-2025



CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár

I. Cúlra 3

II. Cén sainmhíniú a thugaimid ar 'an éagsúlacht' agus 'an cuimsiú'? 4

III. Conas a chleachtaímid 'an éagsúlacht' agus 'an cuimsiú' (E&C)? 5

IV. Tosaíochtaí do 2021-2025 6

V. Spriocanna agus gníomhaíochtaí E&C do 2021-2025 8

# I. Cúlra

Is **fostóir chomhionanna deiseanna** í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Cumhdaítear prionsabal an chomhionannais deiseanna sa reachtaíocht atá mar bhonn le hobair an Aontais, go háirithe in Airteagal 1d de na Rialacháin Foirne, lena gcuirtear toirmeasc ar aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras (amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, duine a bheith ina bhall de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach). Leis an bprionsabal sin, is riachtanach freisin go mbeadh comhionannas iomlán idir fir agus mná san ionad oibre.

Tá tiomantas CIE do chomhdheiseanna le feiceáil freisin sna Treoirlínte Eiticiúla (Cinneadh Uimh. 66-2011), ina luaitear an méid seo a leanas: "Seachnóimid aon chineál idirdhealaithe agus cuirfimid le beartas chomhionannas deiseanna a chur chun feidhme do gach ball foirne. Déanfaidh na comhaltaí agus na bainisteoirí bearta chun a áirithiú go dtabharfar cóir chomhionann agus comhdheiseanna ina bhforbairt ghairmiúil don fhoireann go léir."

Chomh maith le comhdheiseanna a ráthú dá baill foirne, tá CIE tiomanta do **bheartas um éagsúlacht agus cuimsiú** a chur ar bun. Tá sé i gceist timpeallacht oibre ilchineálach agus cultúr cuimsitheach a chruthú ina mbraithfidh gach duine go bhfuil meas orthu agus gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach.

**"Tá an beartas um éagsúlacht agus cuimsiú seo ina chuid thábhachtach de spriocanna straitéiseacha CIE do 2021-2025. Cuireann sé le torthaí na bpleananna gníomhaíochta a bhí ann roimhe seo chun an bealach a réiteach i dtreo ionad oibre níos éagsúla agus níos solúbtha agus, ag an am céanna, ionad oibre níos cothroime ina mbeidh an deis is fearr ag gach duine rath a bhaint amach. Tá rol ríthábhachtach ag ceannairí chun an méid sin a bhaint amach. Trínár dtiomantas, is féidir linn sampla a dhéanamh don chuid eile den eagraíocht. Dá bhrí sin, is é an cúram atá orainn na buntáistí a bhaineann le cultúr éagsúil agus cuimsitheach a dhéanamh soiléir do chách."**

Zacharias Kolias

Ardrúnaí, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

# II. Cén sainmhíniú a thugaimid ar 'an éagsúlacht' agus 'an cuimsiú'?

**Éagsúlacht**

Sa chomhthéacs ina bhfuilimid, is éard is brí leis an éagsúlacht go léiríonn ár bhfoireann éagsúlacht na sochaí Eorpaí, ó thaobh inscne, aoise,

**Cuimsiú**

Áirítear leis an gcuimsiú féiniúlacht agus sainroghanna daoine aonair ionas go mbeidís in ann rannchuidiú go hiomlán le comhchuspóirí na heagraíochta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh athrú cultúrtha eagraíochtúil teacht as an gcuimsiú chun freastal ar na sainroghanna sin agus ar riachtanais na foirne ó chúlraí éagsúla.

Is éard is brí leis an gcuimsiú sin ná é a chur ar chumas comhghleacaithe, a bhfuil próifílí éagsúla acu, an 'duine aonair iomlán' atá iontu a léiriú san ionad oibre agus feidhmiú chomh maith agus is féidir leo. Aithnítear in ionad oibre cuimsitheach gur gá cásanna aonair agus ábhair imní na bpobal foirne **go léir** a chur san áireamh, agus tá sé mar aidhm aige a áireamh i gcásanna sonracha iad go háirithe (amhail daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil cleithiúnaithe faoi mhíchumas acu, daoine LGBTQ+ agus foireann níos sine).

# III. Conas a chleachtaímid ‘an éagsúlacht’ agus ‘an cuimsiú’ (E&C)?



# IV. Tosaíochtaí do 2021-2025

**01** SLÓGADH: Leanfaimid de bheith ag slógadh na hardbhainistíochta ar bhealaí a bheidh aithnidiúla agus nuálacha; déanfaimid ról mar 'ambasadóir E&C' a thairiscint do Chomaltaí CIE. Beidh CIE mar institiúid tiomanta do thorthaí nithiúla a bhaint amach.

**02** EOLAS A CUR IN IÚL AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT A SPREAGADH: Déanfaimid cumarsáid go rialta maidir le saincheisteanna E&C. Foilseoimid ailt, eagróimid imeachtaí oiliúna agus tabharfaimid cuireadh d'aoichainteoirí chun feasacht a ardú agus dearcthaí a athrú. Eagróimid feachtais agus imeachtaí chun dea-chleachtas a chur chun cinn. Beidh roinnt páirtithe leasmhara i gceist le gníomhartha E&C a chur chun feidhme. Oibreoidh an t-oifigeach E&C agus an Comhchoiste um Chomhionannas deiseanna i gcomhar le chéile chun leas a bhaint as torthaí a bhí ann roimhe seo agus chun tuilleadh athruithe a dhéanamh de réir mar is gá. Tá sé i gceist againn comhoibriú a leathnú chuig grúpaí foirne atá ag iarraidh a bheith páirteach i ngníomhartha E&C freisin.

**03** MEALLADH: Cuirfimid bearta sonracha acmhainní daonna i bhfeidhm chun comhionannas deiseanna a ráthú do gach iarratasóir ar phost. Déanfaimid teagmháil le EPSO agus le páirtithe leasmhara eile chun líon na n-iarratasóirí ionchasacha a éagsúlú. Baileoimid aiseolas ó iarratasóirí chun súil a choinneáil ar an dul chun cinn atá déanta againn.

**04** LÁNPHÁIRTIÚ: Déanfaimid faireachán ar phríomhphróisis acmhainní daonna (amhail bainistíocht feidhmíochta, meastóireacht, deimhniú agus cur chun cinn) chun a áirithiú go mbeidh an deis chéanna ag gach ball foirne CIE go n-éireoidh leo ina ngairm agus ina saol gairmiúil. Foilseoimid sonraí acmhainní daonna ar mhaithe le trédhearcacht.

**05** CUIR CHUN CINN: Spreagfaimid bainisteoirí chun mná a cheapadh mar cheannairí cúraim nó a gcoibhéise. Cuirfimid oiliúint agus cineálacha eile tacaíochta ar fáil do mhná cáilithe chun iad a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar phoist mar cheann tascanna.

**06** OIRIÚNÚ: Leanfaimid de dhálaí solúbtha oibre a chur ar fáil dár bhfoireann, trí bhearta sonracha a thabhairt isteach do bhaill foirne atá i gcásanna leochaileacha. Cuirfimid níos mó béime ar fholláine, agus déanfaimid scrúdú ar an gcaoi is fearr le cabhrú leis an bhfoireann iad féin a chur in oiriúint do shaol iar-COVID-19.

**07** CUMASÚ: Cuirfimid níos mó tacaíochta ar fáil do bhaill foirne CIE atá faoi mhíchumas agus cuirfimid tuilleadh treorach ar fáil chun a lánpháirtiú ag an obair a éascú. Feabhsóimid inrochtaineacht fhoirgnimh CIE nuair is féidir.

**08** COSAINT: Breathnóimid ar na láidreachtaí agus an taithí gur féidir le baill foirne níos aosta a rannchuidiú agus ar na dúshláin atá rompu, chun an bealach is fearr a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas. Seolfaimid tionscnaimh chun baill foirne atá níos aosta a spreagadh agus chun cabhrú leo a gcuid eolais agus taithí a chur ar aghaidh chuig an nglúin níos óige.

**09** SPREAGADH: Spreagfaimid mná chun tabhairt faoin mbealach i dtreo bainistíochta. Déanfaimid sciar na gceann cúraim agus na mbainisteoirí ar mná iad a rianú go rialta agus cuirfimid comhairleoireacht shonrach gairme agus oiliúint ceannaireachta ar fáil do mhná. Déanfaimid scrúdú ar na constaicí a d'fhéadfadh teacht roimh mhná le linn a ngairmréime, agus déanfaimid machnamh ar bhearta chun constaicí den sórt sin a fhrithchothromú.

**10** TOMHAIS: Leanfaimid de shúil a choinneáil ar phríomhtháscairí chun dul chun cinn E&C a thomhas agus tabharfaimid tuairisc ar na torthaí ar bhonn rialta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar Phlean Gníomhaíochta CIE 2021-2025 maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú.

# V. Spriocanna agus gníomhaíochtaí E&C do 2021-2025

### Cuspóir 1. SLÓGADH – E&C a chur chun cinn i measc na bainistíochta

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| Líon na mbainisteoirí a thugann faoi mheasúnú deonach E&C | Neamhbhainteach (N/B) – nua | Deichniúr bainisteoir in aghaidh na bliana |
| Líon na gcúrsaí oiliúna éigeantacha a chuirtear ar fáil do bhainisteoirí maidir le neamh-idirdhealú, comhionannas deiseanna agus cuspóirí a bhaineann le E&C | Cúrsa amháin in aghaidh na bliana (a chuirtear ar fáil roinnt uaireanta) | Cúrsa amháin in aghaidh na bliana ar a laghad a choinneáil |

### Cuspóir 2. EOLAS A CUR IN IÚL AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT A SPREAGADH – E&C a chur chun cinn i measc na foirne ar fad

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| Líon na dteachtaireachtaí (fógraí foirne, nuacht CIE, ailt, etc.) maidir le comhionannas deiseanna, E&C agus folláine | Ceann amháin gach 4-5 mhí | Teachtaireacht amháin in aghaidh na míosa |
| Líon na gcomhdhálacha, cúrsaí oiliúna, seimineáir ghréasáin agus imeachtaí CIE a dhíríonn ar chomhionannas deiseanna, dínit ag an obair, E&C agus folláine | N/B – táscaire nua | Sé cinn in aghaidh na bliana |

### Cuspóir 3. MEALLADH – Comhionannas deiseanna a chur ar fáil agus feabhas a chur ar E&C sa phróiseas earcaíochta

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| An sciar de na bord roghnúcháin ina bhfuil idir mhná agus fhir | 86 % in 2018<br>96 % in 2019<br>100 % in 2020 | 100 % a choinneáil |
| Céatadán d'fhógraí folúntais a dhéantar athbhreithniú orthu chun a áirithiú go dtarraingíonn siad/go spreagann siad raon éagsúil iarratasóirí de réir inscne, aoise, míchumais, etc. | N/B – táscaire nua | 100 % |

### Cuspóir 4. LÁNPHÁIRTIÚ – Comhionannas deiseanna agus E&C a phríomhshruthú i mbainistíocht feidhmíochta, meastóireacht, deimhniú agus ardú céime

<table>
<tr><th rowspan="2">Táscaire</th><th colspan="2">Bonnlíne</th><th rowspan="2">Sprioc</th></tr>
<tr><th>Baill foirne a oibríonn go páirtaimseartha / atá ar shaoire tuismitheora</th><th>An fhoireann ar fad</th></tr>
<tr><td>Ráta ardú céime i measc na mball foirne a oibríonn go páirtaimseartha</td><td>33 % in 2018<br>45 % in 2019<br>49 % in 2020</td><td rowspan="2">43 % in 2018<br>48 % in 2019<br>48 % in 2020</td><td>Ráta ardú céime i measc na mball foirne a oibríonn go páirtaimseartha</td></tr>
<tr><td>Ráta ardú céime i measc na mball foirne a bhfuil saoire thuismitheora tógtha acu</td><td>43 % in 2018<br>50 % in 2019<br>49 % in 2020</td><td>45 % in 2019</td></tr>
</table>

### Cuspóir 5. CUR CHUN CINN – Comhionannas inscne a chur chun cinn agus cinn chúraim a roghnú

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| Sciar na mban i bpoist mar cheann taisc | 34 % in 2020 | 40 % faoi dheireadh 2027 |
| Líon na seisiúin neamhfhoirmiúla do mhná a bhfuil taithí acu mar chinn tascanna chun a gcuid eolais a roinnt | N/B | Dhá cinn in aghaidh na bliana |

### Cuspóir 6. OIRIÚNÚ - Solúbthacht ag an obair a fheabhsú

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| Céatadán na seomraí cruinnithe hibrideacha | Neamhbhainteach (N/B) – nua | 100 % in 2025 |
| Céatadán na mbainisteoirí a ghlacann páirt in oiliúint éigeantach maidir le cothromaíocht oibre is saoil a chruthú | N/B – nua | 100 % in 2025 |
| Céatadán na laethanta oibre ar féidir teilea-obair a dhéanamh (neamh-aistritheoirí) | 40 % ar a mhéad in 2020 | 50 % faoi 2025 |

### Cuspóir 7. CUMASÚ – Timpeallacht chuimsitheach a chruthú do bhaill foirne faoi mhíchumas

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| Líon na seisiún/na n-imeachtaí comhionannais míchumais | Ceann amháin gach trí bliana | Ceann amháin in aghaidh na bliana |
| Líon na n-oiliúnuithe atá faoi mhíchumas | Neamhbhainteach (N/B) – nua | Ceann amháin in aghaidh na bliana |

### Cuspóir 8. COSAINT – Aosú fhoireann CIE a aithint, a thuiscint agus aghaidh a thabhairt air

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| Líon na seisiún trasghlúine don malartú sóisialta | Neamhbhainteach (N/B) – nua | Dhá cinn in aghaidh na bliana |
| Líon na malartuithe idir seandaoine gníomhacha agus baill foirne atá ag druidim le dul ar scor | Neamhbhainteach (N/B) – nua | Ceann amháin in aghaidh na bliana |

### Cuspóir 9. SPREAGADH – Mná a spreagadh chun tabhairt faoin mbealach i dtreo bainistíochta

| Táscaire | Bonnlíne | Sprioc |
|---|---|---|
| Sciar na mná i bpoist meánbhainistíochta agus ardbhainistíochta (iniúchóireacht) | 29 % in 2020 | 40 % faoi dheireadh 2027 |
| Sciar na mná i bpoist meánbhainistíochta agus ardbhainistíochta (neamh-iniúchóireacht) | 39 % in 2020 | 40 % faoi dheireadh 2027 |

### Cuspóir 10. TOMHAIS – Measúnuithe ar dhul chun cinn E&C

| Tuarascáil ar dhéimeagrafaic CIE ina n-úsáidtear, i measc nithe eile, na sonraí seo a leanas |
| --- |
| Plean bunaíochta CIE |
| Lucht saothair de réir chineáil chonartha |
| Cothromaíocht inscne ag CIE (lena n-áirítear de réir feidhmghrúpa agus ar an leibhéal bainistíochta) |
| Miondealú ar an bhfoireann de réir náisiúntachta agus de réir chineáil chonartha, lena n-áirítear miondealú de réir náisiúntacht na mbainisteoirí agus na gcúntóirí |
| Próifíl aoise na foirne uile |
| Miondealú ar bhainisteoirí de réir aoise agus inscne |
| Próifíl ghrád na n-oifigeach agus na foirne sealadaí |
| Meánlíon na laethanta oiliúna de réir inscne agus aoisghrúpa |
| Meánlíon na laethanta oiliúna de réir inscne agus patrún oibre |

ECA-Diversity-and-Inclusion@eca.europa.eu

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Publications Office of the European Union

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Tel. +352 4398-1

Enquiries: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Website: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors